An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Stair

## Cnuaslá Seachadta 2018/19

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

cc BY NC

Ionad Oideachais Mhuineacháin

# An Clár Ábhar:


| | |
|---|---|
| Machnamh 3,2,1 | 3 |
| Torthaí Foghlama Stair na Sraithe Sóisearaí | 4 |
| Sainmhíniú ar na Briathra Gnímh | 5 |
| Gluais na Eochairfhocal agus na nAcrainmneacha | 6 |
| MRB 1 a Fhiosrú: *An t-Am atá Thart i M'Áit* | *8* |
| MRB 2 a Fhiosrú: *Saol i dTréimhse Ama* | *9* |
| Machnamh ar Thionchar na MRBanna ar Chleachtas sa Seomra Ranga | 10 |
| Pleanáil Chomhoibríoch – Aonad Foghlama ar Nádúr na Staire | 10 |
| An cur chuige Breathnaigh-Anailísigh-Léirmhínigh i leith obair a dhéanamh le foinsí | 11 |
| Machnamh ar Cheistiú | 11 |
| Úsáidí Féideartha a bhaineann le Ceisteanna a Chur i Seomra Ranga Staire na Sraithe Sóisearaí | 12 |
| Ceisteanna Éifeachtacha a Chur | 13 |
| Machnamh a dhéanamh ar Chleachtas Reatha sa Seomra Ranga: Loga Breacadh Dúbailte | 14 |
| An Próiseas Rannpháirtíochta le MRB 1: *An t-Am atá Thart i M'Áit* | *15* |
| MRB 1: *An t-Am atá Thart i M'Áit* - Fiosracht a Spreagadh agus a Roinnt | 16 |
| Machnamh ar Thábhacht Stairiúil | 17 |
| Sreabhchairt Ceisteanna ar Bhonn Fiosraithe a chruthú | 18 |
| Stáisiún fionnachtana 1: An Diaspóra Éireannach | 19 |
| Stáisiún fionnachtana 2: Léirithe an Ocrais Mhóir | 20 |
| Stáisiún fionnachtana 3: Foinsí Nua Fianaise faoin Ocras Mór | 21 |
| Obair Gharbh Fionnachtana agus Nótaí | 22 |
| MRB 1: An Próiseas ml *An tAm atá Thart i M'Áit* | 23 |
| An Próiseas Rannpháirtíochta le MRB 2: *Saol i dTréimhse Ama* | *24* |
| Pearsa a Mheas atá Inspéise ó thaobh na Staire | 25 |
| Na Gnéithe Cáilíochta: MRB 1 - *An tAm atá Thart i M'Áit* | *26* |
| Na Gnéithe Cáilíochta :MRB 2 – *Saol i dTréimhse Ama* | *27* |
| Pleanáil Roinne | 28 |
| Ag Breathnú ar an Scoil Againn Réimse 4 | 29 |
| Treoracha maidir le hAiseolas | 30 |

Machnamh 3,2,1

| | |
|---|---|
| 3 | Trí rud atá ar eolas againn faoi Stair na Sraithe Sóisearaí |
| | |
| 2 | Dhá rud a bhfuil tuilleadh cabhrach de dhíth orainn maidir le Stair na Sraithe Sóisearaí |
| | |
| 1 | Rud amháin a bhfuil ag éirí go geal leis i seomraí ranga Staire na Sraithe Sóisearaí |
| | |

Machnamh

## Snáithe 2: Stair na hÉireann

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**Príomhathruithe a aithint**

2.1 an chaoi a raibh tionchar ag patrún lonnaíochta agus plandála ar fhéiniúlacht oileán na hÉireann, ag tagairt do shampla amháin de phatrún lonnaíochta, forbairt cathracha, mar shampla agus plandáil amháin, a aithint

2.2 iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar thábhacht bheirt cheannairí a bhí páirteach i dtraidisiún parlaiminteach pholaitíocht na hÉireann

2.3 fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag an traidisiún fórsa fisiciúla ar pholaitíocht na hÉireann, agus béim ar leith ar réabhlóid a tharla roimh an bhfichiú haois

2.4 fiosrú a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar thionchar an náisiúnachais agus an Aontachais in Éirinn, lena n-áirítear príomheachtraí idir 1911 agus 1923

2.5 cúísí, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann a aithint mar aon leis an tionchar a bhí acu ar chaidreamh ThuaidhTheas agus Angla-Éireannach

**Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú**

2.6 tábhacht stairiúil na Críostaíochta ar oileán na hÉireann a phlé, lena n-áirítear an tionchar a bhí aici ar chultúr agus ar shochaí na Luathré Críostaí

2.7 iniúchadh a dhéanamh ar chúísí, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh

2.8 cur síos a dhéanamh ar thionchar an chogaidh ar shaol mhuintir na hÉireann, ag tagairt don Chéad Chogadh Domhanda nó don Dara Cogadh Domhanda

2.9 an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú 2.10 míniú a thabhairt ar an gcaoi a raibh tionchar ag gluaiseacht spóirt, chultúrtha nó shóisialta amháin ar shaol na hÉireann

**Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm**

2.11 naisc a dhéanamh idir stair phearsanta, áitiúil nó mhuintire agus pearsana, saincheisteanna gus eachtraí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta

2.12 an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtach ar oileán na hÉireann a bhí sna 1960idí a phlé, ag tagairt do phearsa, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha

2.13 anailís a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt nasc na hÉireann leis an Eoraip

## Snáithe 1: Nádúr na Staire

***Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire***:

**Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt**

1.1 ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair

1.2 machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha

1.3 suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla

1.4 tuiscint a léiriú ar choincheapa stairiúla ar nós foinse agus fianaise; fíoras agus tuairimíocht; claontacht agus oibiachtúlacht; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; am agus spás

**Obair le fianaise**

1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn

1.6 tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlach; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil 1.7 breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil

1.8 tuairisc a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile

**'An mórphictiúr' a fháil**

1.9 tuiscint ar thábhacht stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhóir thar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha, creidimh, cultúrtha agus eolaíochta a léiriú

1.10 tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe.

1.11 naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus i dtréimhsí staire áirithe

## Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór Ba

chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

**Príomhathruithe a aithint**

3.1 imscrúdú a dhéanamh ar shaol daoine i saoránacht ársa nó mheánaoiseach dá rogha féin agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh gníomhartha agus/nó éachtaí na saoránachta sin le stair na hEorpa agus/nó an domhan mór

3.2 tionchar gabhála agus coilínithe ar dhaoine a mheas ina ndéantar tagairt do thaiscéalaíocht na Portaingéile agus na Spáinne

3.3 an chúis, an cúrsa agus iarmhairtí réabhlóide amháin roimh an bhfichiú haois san Eoraip agus/nó sa domhan mór a scrúdú

3.4 plé a dhéanamh ar phríomhchúisí agus ar chúrsa an Chéad Chogaidh Dhomhanda nó an Dara Cogadh Domhanda agus an tionchar láithreach agus fadtéarmach a bhí ag cogadh ar dhaoine agus ar thíortha

3.5 tábhacht an Chogaidh Fhuair i gcaidreamh idirnáisiúnta san fhichiú haois a aithint

**Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú**

3.6 fiosrú a dhéanamh ar bheatha agus ar bhás sna meánaoiseanna

3.7 suntas a thabhairt ar na hathruithe a tharla i réimse na n-ealaíon agus na heolaíochta, agus béim ar leith ar thábhacht na hAthbheochana

3.8 machnamh a dhéanamh ar thábhacht an reiligiúin, agus béim ar leith ar an Reifirméisean agus gníomhartha leasaitheora amháin

3.9 saol i dtír fhaisisteach amháin agus i dtír chumannach amháin san fhichiú haois a scrúdú

3.10 tábhacht an chinedhíothaithe a fhiosrú, lena n-áirítear cúiseanna, cúrsa agus iarmhairtí an Uileloiscthe

**Smaointeoireacht stairiúil a chur i bhfeidhm**

3.11 a mhéid is a chuidíonn forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta le hathrú stairiúil a fhiosrú

3.12 machnamh a dhéanamh ar ról eagraíocht idirnáisiúnta, cosúil leis an Aontas Eorpach nó na Náisiúin Aontaithe, maidir le comhar idirnáisiúnta, ceartas agus cearta daonna a chur chun cinn

3.13 an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtacha san Eoraip agus sa domhan mór a bhí sna 1960ídí a phlé, ag tagairt do phearsana, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha

3.14 patrúin athraithe thar thréimhsí ama difriúla i dtéama ar leith a léiriú (cosúil le, m.sh. Coireacht agus Pionós, Bia agus Deoch, Súgradh, Spórt agus Caitheamh Aimsire, Faisean agus Dreach nó Sláinte agus Leigheas)

| An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí JuniorCYCLE for teachers<br>Snáithe 1: Nádúr na Staire<br>Snáithe 2: Stair na hÉireann<br>Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór | **Stair** | **Gluais de bhriathra gnímh** | **Sainaithin** - patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair 2.5 |
|---|---|---|---|
| **Anailísigh** - staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí 2.13 | **Cuir síos** - rud a insint nó a léiriú i scríobh nó i bhfocail labhartha; rud a thaispeáint nó a léiriú le pictiúr nó léaráid eile 2.8 | **Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)** fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna3.2 3.12 | **Léirigh** - líníochtaí nó samplaí a úsáid le cur síos ar rud éigin 3.14 |
| **Léirthuiscint a bheith ag... do...** - luach ruda a aithint agus machnamh a dhéanamh air 1.3 3.7 | **Forbair** rud a thabhairt go céim dheiridh nó ardchéim; tuilleadh sonraí a thabhairt nó a oibriú amach go mion 1.1 1.7 | **Scrúdaigh** - argóint, coincheap nó mír a mheas ar bhealach a nochtann a thoimhdí, a idirghaol nó a cheapadh 2.4 2.10 3.3 3.9 3.11 | **iniúch** - anailís, breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí nó faisnéis a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua 1.5 1.8 2.2 2.7 3.1 |
| **Meas (cuimhnigh ar...)** - Machnamh a dhéanamh ar thábhacht ruda 1.2 2.6 3.8 | **Taispeáin** - rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil1.4 1.9 1.10 | **Mínigh** - mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna 2.9 | **Naisc a dhéanamh** - naisc nó cosúlachtaí idir daoine, saincheisteanna, téamaí agus eachtraí a aithint 1.11 2.11 |
| **Déan díospóireach** - Argóint a dhéanamh le dearcadh nó tuairim, seasamh a threisiú le fianaise 1.6 2.12 3.13 | **Pléigh** - athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba chóir tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí3.4 | **Fiosraigh** - dlúthbhreathnú a dhéanamh go córasach ar rud éigin; mionscrúdú nó fiosrú a dhéanamh 2.3 3.6 3.10 | **Aithin** - fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint 2.1 3.5 |

## Gluais na nEochairfhocal agus na nAcrainmneacha ó Shonraíocht agus ó Threoirlínte Measúnaithe na Staire

| | |
|---|---|
| **Tasc Measúnaithe (TM)** | Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a chuireann scoláirí i gcrích laistigh den cheacht. Ní mharcálann an múinteoir ranga é ach cuirtear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é le haghaidh a mharcála mar chuid den scrúdú stát-teistithe sa Stair. Is é an CNCM a shonróidh an Tasc Measúnaithe agus beidh baint aige leis an bhfoghlaim ar a bhfuil an dara Measúnú Rangbhunaithe bunaithe. |
| **Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna)** | Is ionann Scrúduithe Rangbhunaithe agus ócáidí nuair a dhéanann an múinteoir na scoláirí a mheas agus na tasc(anna) ar leith ó Shonraíocht na Staire in úsáid. Is cóir breathnú ar an bpróiseas chun na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid de theagasc agus foghlaim, agus ní chun críocha measúnaithe amháin.Tugtar faoi na MRBnna laistigh d'am ranga na Staire agus cuirtear tréimhse trí seachtaine i leataobh chun iad a chur i gcrích. |
| **Cur leis an taifead stairiúil** | Tugann MRB 1*: An tAm atá Thart i m'Áit deis* do scoláirí cur leis an taifead stairiúil Nuair a bheidh an cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) curtha i gcrích, is féidir le scoláirí, más spéis leo, an taispeántas s'acu a dheonú nó a thabhairt ar iasacht don leabharlann áitiúil nó don iarsmalann nó é a thabhairt do chumann nó do ghrúpa staire áitiúil. Is féidir le scoláirí an taispeántas s'acu a dheonú don scoil. |
| **Tuairisceoirí** | Tá ceithre thuairisceoirí ghnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe i Stair na Sraithe Sóisearaí: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.* Meastar go mbeidh an obair uile a chuirtear isteach ag teacht le ceann de na ceithre thuairisceoirí seo. |
| **Taispeántas** | Maidir le MRB 1:*An tAm atá Thart i m'Áit*, cuirfidh scoláirí an taighde atá déanta acu i bhfoirm taispeántais, faoi mar a d'fheicfeadh siad in iarsmalann, ionad oidhreachta nó leabharlann. D'fhéadfadh leagan amach an taispeántais meascán de bhealaí cuir i láthair a úsáid, mar shampla, téacs, sleachta as foinsí príomha agus/nó tánaisteacha, fillteán nó leabhrán taispeántais, leagan(acha) amach digiteach(a), grianghraif, íomhánna, amlínte, cairteacha, graif, taifid fuaime nó chlosamhairc, samhail/samhlacha, déantúsá(i)n, srl. |
| **Na Gnéithe Cáilíochta** | Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna Treoirlínte Measúnuithe don Stair leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.* |
| **Measúnú Foirmitheach** | Gníomhaíochtaí measúnaithe pleanáilte a spreagann fianaise ar fhoghlaim sa seomra Staire. Áirítear iad seo ina measc, intinní foghlama agus critéir ratha a shoiléiriú, a roinnt agus a thuiscint, ceistiú éifeachtach a ghníomhachtú, aiseolas a chuireann an fhoghlaim chun cinn agus a thugann deis don mhúinteoir agus don scoláire machnamh ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim ag dul chun cinn agus cinneadh a dhéanamh le chéile faoin na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. |
| **Tábhacht stairiúil** | Is gné lárnach d'obair an staraí an cumas chun tábhacht stairiúil imeachtaí, ceisteanna agus pearsana ón am a chuaigh thart a mheas. Tugann an dá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Stair deiseanna do scoláirí machnamh ar thábhacht stairiúil, mar shampla, trí údar a thabhairt cén fáth ar phioc siad a rogha ábhar, cén fhianaise a shocraigh siad a chur isteach sna MRBnna s'acu agus an léirmhíniú a dhéanann siad ar an bhfianaise sin. Is bealach úsáideach chun scileanna criticiúla sa Stair a fhorbairt a bheith ag smaoineamh faoi thábhacht stairiúil agus í a phlé. |
| **Stair na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don MRBnna agus don Tasc Measúnaithe** | Cuireann an doiciméad, ar minic go dtugtar Treoirlínte Measúnaithe air, cuireann se eolas ar fáil ar MRBnna na Staire, na Gnéithe Cáilíochta agus sonraí maidir leis an Tasc Measúnaithe. |

| | |
|---|---|
| **Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí** | Sonraítear i Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí na torthaí foghlama atá beartaithe agus conas is féidir iad a bhaint amach agus a léiriú. Tugann an tsonraíocht breac-chuntas ar an gcaoi a dtagann an fhoghlaim le ráitis foghlama agus le príomhscileanna áirithe Tá trí shnáithe chomhtháite sa tsonraíocht agus réimse gnéithe dá chuid féin ag gach snáithe díobh : Snáithe 1: Nádúr na Staire; Snáithe 2: Stair na hÉireann; Snáithe 3: Stair na hEorpa agus An Domhan Mór. Dearadh an tsonraíocht do 200 uair an chloig ar a laghad de rannpháirtíocht an scoláire ar an gclár ama thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. |
| **Intinní Foghlama** | Is ráitis iad a chruthaíonn an múinteoir leis féin agus / nó leis na scoláirí a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna stairiúla a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint mar thoradh ar ghníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc. Bíonn nasc i dtólamh idir na hintinní foghlama agus toradh foghlama amháin nó níos mó i sonraíocht na Staire. |
| **Torthaí Foghlama** | Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a a chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an Stair sa tSraith Shóisearach. |
| **Stair áitiúil agus 'm'áitse'** | Chun críche an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo, is féidir an téarma 'm'áit' a léirmhíniú go leathan, ionas nach gcuirtear cosc ar an scoláire taighde a dhéanamh ar réimse a bhfuil fíorspéis aige ann. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go mbainfeadh an stair áitiúil le háit dúchais (paróiste, baile/sráidbhaile áitiúil) an scoláire, a chontae, a chúige nó a réigiún. Má chuireann scoláire as tír eile (nó más de bhunadh tíre eile iad a mhuintir) in iúl go bhfuil spéis aige i ngné de stair na háite as a dtagann sé féin nó a mhuintir a fhiosrú, tá sé sin go hiomlán ceadaithe freisin agus d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé le léirthuiscint agus tuiscint níos fearr ar dhifríocht agus éagsúlacht sa rang agus sa tsochaí a spreagadh. |
| **Machnamh** | Tá an próiseas machnaimh lárnach san obair ar an dá MRB ionas gur féidir le scoláirí smaoineamh faoin bhfoghlaim a tharla i dtéarmaí a oiread a foghlaimíodh faoin ábhar agus an taithí a fuair siad a bheith ina staraithe. Tá nóta machnaimh iniata sna Treoirlínte Measúnaithe chun cabhrú le múinteoirí agus le scoláirí leis an bpróiseas machnaimh. |
| **Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)** | Gheofar comhthuiscint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tugann na múinteoirí rannpháirteacha a gcuid samplaí féin d'obair scoláirí isteach agus cuireann siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais a gcomhghleacaithe, mar aon leis na samplaí anótáilte d'obair scoláirí agus sonraíochtaí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach. |
| **Critéir Ratha** | Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus / nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht foghlama scoláirí sa seomra Staire. |
| **Measúnú Suimitheach** | Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe Is í an aidhm atá leis achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil scoláirí Staire na Sraithe Sóisearaí agus a dhearbhú cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh na scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína chur i gcomparáid le na critéir ratha a comhaontaíodh nó le Gnéithe Cáilíochta. |
| **Aonad Foghlama** | Úsáidfidh múinteoirí na torthaí foghlama a cuireadh ar fáil i Sonraíocht na Staire mar thúsphointe pleanála le haghaidh aonad foghlama Déantar nasc leis na torthaí foghlama a chuireann síos go soiléir ar an eolas, an tuiscint agus na scileanna a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint de bharr na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc san aonad sin. |
| **Taifead Scríofa** | Maidir le MRB 2: *Saol i dTréimhse Ama*, cuirfidh an scoláire taighde i láthair i bhfoirm píosa comhleanúnach scríbhneoireachta i bhformáid scríofa dá rogha féin. |

## MRB 1 a Fhiosrú: *An t-Am atá Thart i M'Áit*

| Measúnú Rangbhunaithe 1: *An t-am atá thart i m'áit* | | |
|---|---|---|
| **Ceist:** | **Freagra:** | **Smaointe:** |
| **Cad is MRB 1 ann?** | Fiosrúchán struchtúrach, fianaise-bhunaithe ar ghné stairiúil nó ar théama a bhaineann le ceantar nó le stair phearsanta / mhuintir an scoláire. | |
| **Cad é an struchtúr a bhaineann le fiosrúchán fianaise-bhunaithe MRB 1?** | Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:<br>**1. Iniúchadh 2. Aimsiú 3. Taispeáint**<br>**4. Machnamh** | |
| **Conas a oibreoidh scoláirí ar MRB 1?** | Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo **ina aonar, le scoláire eile nó i ngrúpa.** | |
| **Cén fhormáid a úsáidfidh na scoláirí chun a gcuid taighde a chur i láthair?** | Cuirfidh an scoláire a chuid taighde i láthair i bhfoirm **taispeántais**, mar a d'fheicfí in iarsmalann, ionad oidhreachta nó leabharlann. | |
| **Cá huair a tharlaíonn MRB 1?** | Tarlóidh sé laistigh de thréimhse trí seachtaine agus laistigh d'am ranga faoi threoir amchlár náisiúnta le linn an triú téarma (idir an Cháisc agus an Samhradh) den dara bliain. | |
| **Conas a dhéanfar measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 1 ?** | Is é an múinteoir ranga a dhéanfaidh measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 1 le cabhair ó na critéir atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta do MRB 1 agus ón gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. | |
| **Conas a dhéanfar tuairisciú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 1?** | I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, tuairisceofar an leibhéal gnóthachtála leis an scoláire agus lena dtuismitheoirí agus ceann de na tuairiseoirí seo a leanas in úsáid: ***Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill.*** Is féidir le haiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire agus ar réimsí le feabhsú a úsáid chun cabhrú le foghlaim sa Stair. | |
| **Cad iad na Torthaí Foghlama ó Shonraíocht na Staire atá tábhachtach maidir le MRB 1?** | Tá an Toradh Foghlama 2.11, na trí ghné de Shnáithe 1 agus na torthaí foghlama gaolmhara an-tábhachtach ar fad i MRB 1. Tá tábhacht na dtorthaí eile foghlama ag brath ar an topaic a roghnaítear do MRB 1. | |
| **Cén chaoi a fhitear machnamh isteach in MRB 1?** | Fitear machnamh isteach in MRB 1 ar dhá bhealach. Ar dtús, ba chóir go léireodh taispeántas an scoláire roinnt dá gcuid machnaimh ar a dtaithí maidir le taighde stairiúil a chur i gcrích. Lena chois sin, déanfaidh na scoláirí uile nóta machnaimh aonair a thabharfaidh siad don mhúinteoir. | |

# MRB 2 a Fhiosrú: *Saol i dTréimhse Ama*

| Measúnú Rangbhunaithe 2: *Saol i dTréimhse Ama* | | |
|---|---|---|
| **Ceist:** | **Freagra:** | **Smaointe:** |
| **Cad is MRB 1 ann?** | Fiosrúchán **struchtúrach, fianaise-bhunaithe** ar **shaol stairiúil** agus ar thaithí duine a bhfuil suim ag an scoláire ann. | |
| **: Cad é an struchtúr a bhaineann le fiosrúchán fianaise-bhunaithe MRB 2?** | Rachaidh an scoláire i ngleic lena ábhar roghnaithe i gceithre chéim ghníomhaíochta. Cabhróidh sé sin leis a chuid fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil a ghiniúint:<br>**1.Raon feidhme a mheas 2.Taighde a dhéanamh**<br>**3.Taifead scríofa a chruthú**<br>**4.Machnamh** | |
| **Conas a oibreoidh scoláirí ar MRB 2?** | Féadfaidh an scoláire oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe seo **ina aonar.** | |
| **Cén fhormáid a úsáidfidh na scoláirí chun a gcuid taighde a chur i láthair?** | **Féadfaidh an scoláire an taifead scríofa a chur i láthair ina rogha leagain amach,** amhail alt, aiste, blag, script chraolacháin, léacht do lucht éisteachta, litir chuig iris nó nuachtán, tuairisc bháis, óráid, srl. | |
| **Cá huair a tharlaíonn MRB 2?** | Tarlóidh sé laistigh de thréimhse trí seachtaine agus laistigh d'am ranga faoi threoir amchlár náisiúnta le linn an dara téarma (tar eis Nollaig) den an tríú bliain. | |
| **Conas a dhéanfar measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 2 ?** | Is é an múinteoir ranga a dhéanfaidh measúnú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 2 le cabhair ó na critéir atá leagtha amach sna Gnéithe Cáilíochta do MRB 2 agus ón gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. | |
| **Conas a dhéanfar tuairisciú ar an leibhéal gnóthachtála in MRB 2?** | I ndiaidh an chruinnithe AFMÁ, tuairisceofar an leibhéal gnóthachtála leis an scoláire agus lena dtuismitheoirí agus ceann de na tuairiseoirí seo a leanas in úsáid: ***Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais, agus Níor chomhlíon na hionchais go fóill***. Is féidir le haiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire agus ar réimsí le feabhsú a úsáid chun cabhrú le foghlaim sa Stair. | |
| **Cad iad na Torthaí Foghlama ó Shonraíocht na Staire atá tábhachtach maidir le MRB 2?** | Tá tábhacht na dtorthaí foghlama eile ag brath ar an **duine a roghnaítear do MRB 2**. Tá na trí ghne de Shnáithe 1 agus na torthaí foghlama gaolmhara an-tábhachtach ar fad in MRB 2. | |
| **Cén chaoi a fhitear machnamh isteach in MRB 1?** | Fitear machnamh isteach in MRB 1 ar dhá bhealach. Ar dtús, cruthóidh na scoláirí nóta machnaimh. Ina dhiaidh sin, le linn an Taisc Mheasúnaithe, beidh deis ag na scoláirí machnamh a dhéanamh ar a dtaithí ar MRB 2 agus scríobh faoi sin. | |

## Machnamh ar Thionchar na MRBnna ar Chleachtas sa Seomra Ranga


Cad é? Agus Cad é Faoi? Agus Cad é Anois? (Rolfe, Freshwater and Jasper (2001))

**Cad é** ........... a d’fhoghlaim tú faoi na MRBnna sa Stair?

**Agus cad é faoi . . .** na himpleachtaí atá aige sin i do chleachtas sa seomra ranga?

**Agus anois . . .** cad é a chaithfidh tú a fhí isteach i do chleachtas sa seomra ranga?

### Pleanáil Chomhoibríoch - Aonad Foghlama Nádúr na Staire




| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

**An cur chuige Breathnaigh-Anailísigh-Léirmhínigh i leith obair a dhéanamh le foinsí-**

Arna curtha in oiriúint ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí: **Grianghraif a úsáid i gcúrsa Staire na hIdirbhliana**

|  |  |  |
|---|---|---|
| ***Breathnaig:*** | ***Anailísigh:*** | ***Léirmhínigh:*** |
| Cad é go díreach a fheiceann tú?<br>Cad iad na daoine / rudaí a thaispeántar?<br>Cad é an suíomh?<br>Cad é eile is féidir a fheiceáil?<br>An bhfuil eolas ar bith tábhachtach eile ar fáil ar nós lipéad nó teideal? | Cad é atá ag tarlú ann?<br>Cad é a ba mhaith leis go bhfeicimid?<br>An raibh sé in ainm is a bheith ina thaifead poiblí nó príobháideach?<br>cur fíricí amháin chun tosaigh atá sé, agus / nó an bhfuil sé ag tabhairt 'teachtaireachta'? | Cad é an tionchar a bheadh ag an íomhá seo ar lucht féachana ag an am sin?<br>Ar tháinig athrú ar bith ar an tionchar atá aige thar am?<br>Cad é is féidir linn a fhoghlaim uaidh sin?<br>Cad iad na srianta is féidir a fhoghlaim ón íomhá?<br>Cad é an tuiscint is féidir a bhaint as an íomhá? |

**Machnamh ar Cheistiú**

Gabh chuig www.Menti.com agus bain úsáid as an gcód 51618

## Cén fáth a gcuirimid ceisteanna i seomraí ranga Staire?



**Ceistiú éifeachtach**
**Úsáidí Féideartha a bhaineann le Ceisteanna a Chur i Seomra na Staire na Sraithe Sóisearaí**
Arna curtha in oiriúint ó: CNCM Fócas ar an bhFoghlaim 02 Ceistiú Éifeachtach, Leathanach 7




| Cén fáth: Cuspóirí na ceiste: | Samplaí |
|---|---|
| **Chun scoláirí a spreagadh le machnamh a dhéanamh ar a dtuiscint choincheapúil den Stair.** | Cad é an t-eolas is tábhachtaí ó fhoinsí / fhianaise an lae inniu? An féidir leat an coincheap seo a mhíniú i do chuid focal féin? Tabhair dom sampla de - - - - chun go mbeidh a fhios agam go dtuigeann tú. |
| **Iarraidh ar scoláire tuairim dhoiléir nó róshimplí faoin Stair a shoiléiriú** | An bhféadfá beagán eile a rá ar an bpointe sin?<br>An dtabharfaidh tú míniú beagán níos mó? |
| **Scoláirí a spreagadh chun na meonta, luachanna agus mothúcháin atá acu faoin am ata thart a fhiosrú** | Cad iad na luachanna nó na tuairimí a thacaíonn leis an argóint seo? Cad é an rud / na rudaí a d'imir tionchar ar an dóigh a mothaíonn tú faoin topaic seo? |
| **Scoláirí a spreagadh chun breithiúnas nó coincheap stairiúil a fheiceáil ó dhearcadh eile** | Cad é do bharúil a shíl daoine ag an tréimhse sin faoin imeacht seo?<br>Cad é an freagra a bheadh againn dá dtarlódh an t-imeacht seo sa lá atá inniu ann? |
| **Scoláirí a spreagadh chun údar a thabhairt dá gcuid ráitis agus léirmhínithe stairiúla** | Conas atá sé sin ar eolas agat?<br>Cad iad na foinsí a thacaíonn le do thuairim?<br>Cá bhfuair tú do chuid fianaise? An bhfuil sí iontaofa?<br>An féidir lena mhalairt d'fhianaise a bheith ann? |
| **Scoláirí a spreagadh chun freagairt do léirmhínithe duine eile den am a chuaigh thart.** | Cad é a cheapann tú faoi imeacht / thopaic / phearsa atá curtha i láthair ag do chomhghleacaí?<br>An aontaíonn tú, nó an bhfuil léamh eile agat ar an imeacht / topaic / bpearsa? Cén fáth? Cad é an fhianaise atá agat? |
| **Smaointeoireacht stairiúil scoláirí a fhorbairt agus a dhoimhniú** | Cad iad na tuairimí atá agat faoin am a chuaigh thart a thacaíonn le do smaointeoireacht?<br>Cén fhianaise / fhoinse a d'imir tionchar ar do chuid smaointeoireachta? |
| **Scoláirí a spreagadh chun naisc stairiúla a dhéanamh agus foinsí stairiúla a eagrú** | Cad é mar a thugann an fhoinse / an fhianaise sin léargas ar an imeacht / topaic / bpearsa?<br>An féidir leat foinsí a chur i láthair ar bhealach eolasach? |
| **Iarraidh ar scoláirí coincheap stairiúil a chur i bhfeidhm** | Cad é mar a chuaigh an coincheap i gcion / ar an imeacht / topaic / bpearsa nó cad é mar a bhaineann sé leo? An féidir leat an coincheap a shainaithint ón bhfianaise faoin imeacht / topaic / bpearsa? |
| **Iarraidh ar scoláirí coincheap stairiúil a léiriú trí shampla** | An féidir leat smaoineamh ar shampla ar bith de seo ón bhfiosrúchán s'agat? An féidir leat tagairt d' imeacht / topaic / phearsa ar bith ar bhain sé seo leo? |

## Ceisteanna Éifeachtacha a Chur

Task: Ceist éifeachtach a cheapadh a úsáideann na foinsí thíos agus a chabhraíonn leis na hintinní foghlama..

| Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt | Stair na hÉireann |
|---|---|
| **1.2 machnamh a dhéanamh** ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus **plé a dhéanamh** ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha | **2.7 iniúchadh a dhéanamh** ar chúisí, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh |

### Intinní Foghlama:

Táimid ag foghlaim chun:

- A aithint nach ndeachaigh an Gorta Mór i gcion ar gach duine in Éirinn ar an gcaoi chéanna
- Machnamh ar na ceisteanna achrannacha a bhaineann le stair an Ghorta Mhóir
- A aithint síos tríd an stair agus sa tsochaí chomhaimseartha, le linn géarchéimeanna eacnamaíocha gur measa as a bhí na bochtáin
- A thuiscint nár thug rialtas na linne freagra sásúil ar riachtanais na ndaoine



"The State Ballroom, St Patrick's Hall' Caisleán Átha Cliath tuairim is 1850
Ó *Coming Home- Art and the Great Hunger*



"An Irish Peasant Family Discovering the Blight of their Store" 1847
Ó *Coming Home- Art and the Great Hunger*

| An cheist a mholann tú | An gcabhraíonn sí leis na hintinní foghlama? |
|---|---|
| | |

## Machnamh a dhéanamh ar Chleachtas Reatha sa Seomra Ranga:
## Loga Breacadh Dúbailte

Mar chuid den teagasc, foghlaim agus measúnú leanúnach ar na torthaí foghlama i ranganna na chéad bhliana, **cad iad na deiseanna a thugaimid do scoláirí na Sraithe Sóisearaí na scileanna a fhorbairt agus a léiriú a chabhróidh leo tabhairt faoi MRB 1:*?***

### Loga Breacadh Dúbailte

| Cleachtais reatha sa seomra ranga: | Cleachtais ranga fhéideartha: |
| --- | --- |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## An Próiseas Rannpháirtíochta le MRB 1: *An t-Am atá Thart i M’Áit*

Beidh scoláirí ag dul i ngleic lena rogha ábhar trí phróiseas ceithrechéimeach a chuirfidh le giniúint na fianaise ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil.




| |
|---|
| **Iniúchadh** |
| Machnamh cé acu gné den am a chuaigh thart san áit s’acu a spreagann a gcuid fiosrachta |
| Smaointe féideartha a phlé |
| Plé a dhéanamh le daoine muinteartha níos sine nó le baill an phobail |
| Ceisteanna fiosrúchain a cheapadh |
| Breathnóireacht nó smaointe a thaifead maidir lena dtaithí ar thopaic a roghnú agus ar cheist fiosrúcháin a cheapadh |
| **Aimsiú:** |
| A bheith ag obair le cineálacha éagsúla fianaise |
| Freagraí ar cheisteanna a cuireadh sa chéim imscrúdaithe a shainaithint |
| An réimse fianaise a thacaíonn leis an bhfreagra s’acu a bhailiú |
| Tuairimí nó smaointe a thaifead maidir lena dtaithí ar a bheith ag obair le fianaise chun freagraí a fháil ar cheisteanna agus foinsí a bhailiú |
| **Taispeáint:** |
| Machnamh ar fhormáid an taispeántais inar féidir meascán ar bith de mhodhanna cur i láthair a úsáid, mar shampla, téacs, sléachta ó fhoinsí, fillteán nó leabhrán taispeántais, grianghraif, íomhánna, amlínte, cairteacha, graif, taifid amhairc nó chlos-amhairc, mionsamhlacha, déantúsá(i)n, srl |
| Modhanna a roghnú a chabhraíonn leo an taighde s’acu agus a dtuiscint ar nádúr na staire a léiriú. |
| Create a Táispeántás  a chruthú ina n-úsáidtear réimse d’fhoinsí agus a thugann míniúchán agus machnamh ar an taighde. *Más ag obair i ngrúpa, caithfidh scoláirí a chur in iúl (trí shiombail nó inisealacha b’fhéidir) cé acu cuid/codanna den taispeántas a rinne siad féin* |
| Tuairimí nó smaointe a thaifead maidir lena dtaithí ar mhodh a roghnú agus ar thaispeántas a chruthú a thugann aghaidh ar a gceist fiosrúcháin ag úsáid fianaise |
| **Machnamh*:*** |
| Tuairimí nó smaointe a thaifead maidir lena dtaithí ar an bpróiseas agus ar a bhfuil á fhoghlaim acu agus iad ag plé leis an ábhar ar feadh tréimhse trí seachtaine |
| Roinnt machnaimh a fhí isteach ina dtáispeantas ar an taithí a bhain le taighde a chur i gcrích agus na deiseanna agus na dúshláin a bhí acu agus ról an staraí á ghlacadh orthu féin |
| Nóta machnaimh a scríobh agus é a thabhairt don mhúinteoir |

## MRB 1: *An t-Am atá Thart i M'Áit* - Fiosracht a Spreagadh agus a Roinnt

Machnamh ar na féidearthachtaí fiosrúcháin ar stair áitiúil / an teaghlaigh liostaithe thíos ó na Treoirlínte Measúnaithe chun cabhrú le MRB 1: An tAm atá Thart i m'Áit agus, iad a aibhsiú de réir fiosracht phearsanta bunaithe ar an scála seo a leanas:

Glas = Spreagann m'fhiosracht go mór

Buí = Spreagann m'fhiosracht beagán

Bándearg = Ní spreagann m'fhiosracht

| MRB 1: *An t-am atá thart i m'áit* - **Téamaí nó ábhair a d'fhéadfaí a roghnú don staidéar** (Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, Leathanach13) |
|---|
| an méid a chuir duine áitiúil le gné den saol sa cheantar, nó le heachtra nó imeacht nó gluaiseacht faoi leith sa cheantar nó níos faide ó bhaile |
| léiriú áitiúil ar ghluaiseacht nó ar fheiniméan náisiúnta nó idirnáisiúnta |
| eachtra stairiúil áitiúil ar eascair athrú tábhachtach aisti |
| staidéar ar ghné den saol sa cheantar ag am faoi leith san am atá thart |
| a suirbhé ar an gcaoi ar athraigh an saol le himeacht aimsire sa cheantar |
| a staidéar ar áit áitiúil atá spéisiúil ó thaobh na staire de, m.sh. séipéal, scoil, monarcha, teach oibre, ionad oibre, teach mór, cloigtheach, mainistir, srl. |
| staidéar ar shéadchomhartha, dealbh, leac chuimhneacháin nó suíomh eile dá leithéid atá spéisiúil ó thaobh na staire de |
| staidéar ar bhunús stairiúil logainmneacha áitiúla |
| staidéar a spreag déantúsán áitiúil atá spéisiúil ó thaobh na staire de nó fionnachtain seandálaíochta nó suíomh spéisiúil sa cheantar |
| tionchar imeachta nó saincheiste náisiúnta nó idirnáisiúnta ar an gceantar |
| iniúchadh ar dhuine muintire atá suntasach ó thaobh na staire de ar leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta |
| staidéar ginealaigh |
| Do chuid féin: |

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cuid an ghrúpa ag úsáid an tábla thíos agus cuir tic sna boscaí thíos chun freagairt

| Ceist | Sea | Beagán den fhírinne | Ní hea |
|---|---|---|---|
| An bhfuil an fhiosracht chéanna agaibh? | | | |
| An fiú daoibh grúpa nó péire a bhunú i ngeall ar an bhfiosracht roinnte atá agaibh? | | | |
| Bunaithe ar an bhfiosracht aonair, dá mba ghrúpa an rang s'againn, an ndéanfaí fiosrú ar réimse topaicí do MRB 1? | | | |

## Machnamh ar Thábhacht Stairiúil

Arna curtha in oiriúint ó Counsell, Christine. 2004. 'Looking through a Josephine Butler-shaped window: focusing pupils' thinking on historical significance' in *Teaching History* 114. London: The Historical Association.

| | |
|---|---|
| **Remarkable** | The event/development was remarked upon by people at the time and/or since. |
| **Remembered** | The event/development was important at some stage in history within the collective memory of a group or groups |
| **Resonant** | People like to make analogies with it; it is possible to connect with experiences, beliefs or situations across time and space. |
| **Resulting in change** | It had consequences for the future. |
| **Revealing** | Of some other aspect of the past. |



## Sreabhchairt Ceisteanna ar Bhonn Fiosraithe a chruthú

Dréacht ceist fiosrúcháin stairiúil ar phoistín agus cuir anseo é lena mheas:

*Croch do cheist anseo*

*Cad iad na taisclanna (repositories) atá ar fáil??*



**10 nóiméad**

An bhfuil baint stairiúil ag do cheist leis an íomhá atá roghnaithe agat?

**Ní hea** → Bain triail eile as. Athraigh, cuir in oiriúint, athscríobh do cheist agus tosaigh arís …

**Sea**

An féidir an cheist a fhiosrú agus na taisclanna atá ar fáil in úsáid?

**Ní hea** → Bain triail eile as. Athraigh, cuir in oiriúint, athscríobh do cheist agus tosaigh arís …

**Sea**

An féidir an cheist a fhreagairt laistigh den am a tugadh?

**Ní hea** → Bain triail eile as. Athraigh, cuir in oiriúint, athscríobh do cheist agus tosaigh arís …

**Sea**


An bhfuil an cheist suntasach ó thaobh na staire de?

**Ní hea** → Bain triail eile as. Athraigh, cuir in oiriúint, athscríobh do cheist agus tosaigh arís …


**Sea**

**Anois tá ceist againn ar féidir linn í a fhiosrú**

## Stáisiún fionnachtana 1: An Diaspóra Éireannach




[www.tinyurl.com/y7xr7vel](http://www.tinyurl.com/y7xr7vel)
Tá cartlann ag Oireachtas.ie de na díospóireachtaí uile sa Dáil agus sa Seanad




www.tinyurl.com/y9nsdxnb




Corn Cuimhneacháin Uí Chinnéide agus claibín air:
Bhronn Coimisinéirí Chuan Ros Mhic Thriúin i Loch Garman an Corn ar Uachtarán John F. Kennedy le linn a chuairte stáit go hÉirinn ar 27 Meitheamh, 1963.
www.tinyurl.com/yag8u5kz




Alt ón Irish Times ag machnamh ar óráid JFK




www.tinyurl.com/y8d76b3r




[www.tfmfoundation.ie/about/thomas-f-meagher](http://www.tfmfoundation.ie/about/thomas-f-meagher)




www.waterfordvikingtriangle.com/thomas-francis-meagher-story/

## Stáisiún fionnachtana 2: Léirithe an Ocrais Mhóir




www.ighm.org
An bailiúchán is mó ar an domhan d'ealaín a bhaineann leis an Ocras Mór





www.dcu.libguides.com/c.php?g=496476&p=3402330







www.athenryheritagecentre.com




www.irishfaminememorials.com
Tá an suíomh ag teacht le foilseachán *Commemorating the Irish Famine: Memory and the Monument* by Dr Emily Mark-FitzGerald (Liverpool University Press, 2013) Leabhar nua ina bhfiosraítear stair radhairc an Ghorta Mhóir, cuimhní ar an nGorta agus a chomóradh domhanda ar na mallaibh.




Marita Conlon McKenna talks about 'Under the Hawthorn Tree'


# Stáisiún fionnachtana 3: Foinsí Nua Fianaise faoin Ocras Mór

## Gorta Mór na hÉireann Ar Líne:

Tagann seo ó thionscnamh digiteach ceannródaíoch a thugann deis do lucht a úsáide teacht ar léarscáileanna idirghníomhacha a cheadaíonn taighde ar na mionsonraí a bhaineann leis an dóigh ar imir an Gorta Mór tionchar ar dhaoine i bpobail áitiúla, go fiú ag leibhéal an pharóiste shibhialta agus an bhaile mhóir


Tabharfaidh sé deis do lucht a úsáide eolas a fheiceáil ar líne d'ionad ar bith ar fud an oileáin

Is féidir le daoine mionanailís a dhéanamh ar eolas a rianaíonn athruithe i dtimpeallacht shóisialta, pholaitiúil agus eacnamaíoch na hÉireann roimh agus i ndiaidh an Ghorta




https://viewsofthefamine.wordpress.com/




www. tinyurl.com/yc7kg642

Irish Pódchraoltaí Stair na hÉireann:

Na céadta podchraoladh saor in aisce ar stair na hÉireann ó theacht na Normannach go dtí an Gorta Mór



Irish Newspaper Archives

Return to Arc

Irish Newspaper Archives - Currently Online

| Title | Years | County |
|---|---|---|
| Belfast Newsletter | 09/01/1738 - 30/08/1890 | National (NI) |
| Freeman's Journal | 03/01/1763 - 19/12/1924 | National |
| Irish Examiner | 30/08/1841 - 1999 | National |
| Irish Farmer's Journal | 16/03/1957 - 26/12/1998 | National |
| Irish Independent | 02/01/1905 - Current | National |
| Irish Press | 05/09/1931 - 25/05/1995 | National |
| Sunday Independent | 07/01/1906 - Current | National |
| Anglo-Celt | 06/02/1846 - Current | Cavan |
| Ballinrobe Chronicle | 03/02/1866 - 10/09/1903 | Mayo |
| Ballina Herald | 06/08/1927 - 28/04/1962 | Mayo |
| Butte Independent | 22/01/1910 - 27/12/1930 | Montana (US) |
| Chutes Western Herald | 02/01/1828 - 04/05/1835 | Kerry |
| Connacht Sentinel | 02/08/1927 - Current | Galway |
| Connacht Tribune | 22/05/1909 - Current | Galway |
| Connaught Telegraph | 22/09/1830 - Current | Mayo |
| Donegal News | 14/03/1903 - Current | Donegal |




www.tinyurl.com/yat45l9t Alt ar athbhreithniúchas an Ghorta Mhóir ó History Ireland

www.scoilnet.ie/scoilnet/tools-for-teachers/ina/

| Obair Gharbh Fionnachtana agus Nótaí:<br>MRB 1: An Próiseas ml An tAm atá Thart i M’Áit |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## Ag machnamh ar an gCéim Fionnachtana

Tuairimí nó smaointe a thaifead maidir leis an taithí ar an bhfreagra a imscrúdú agus a aimsiú ar cheist a bhí bunaithe ar fhiosrú.

| Stop agus Breac |
|---|
| Cérbh iad na gnéithe is dearfaí de mo thaithí agus mé ag obair ar an gceist fiosraithe seo? |
| |
| |
| |
| Cérbh iad na dúshláin a bhí le sárú agam? |
| |
| |
| |
| |
| Cén ghné den fhiosrúchán is mó a mheas tú a bheith tábhachtach ó thaobh na staire de? |
| |
| |
| |
| Cad é a d'fhoghlaim mé faoi mo ról mar staraí? |
| |
| |
| |
| |

:



# An Próiseas Rannpháirtíochta le MRB 2: *Saol i dTréimhse Ama*

Cuirfidh scoláirí Saol i dTréimhse Ama i dtoll a chéile thar thréimhse trí seachtaine. Tabharfaidh scoláirí faoin ábhar a roghnaigh siad thar cheithre chéim ghníomhaíochta, a chabhróidh lena bhfianaise a chruthú ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil



**Raon feidhme a mheas**
Ceisteanna a roghnú agus a cheapadh

Cén fáth arbh fiú taighde a dhéanamh ar an duine atá roghnaithe agam?

Cad iad na ceisteanna a thabharfadh fócas do mo thionscadal agus a thabharfadh aghaidh ar na ceisteanna ar mhaith liom freagra a fháil orthu?

Cad é atá ar eolas agam faoi / fúithi cheana féin? Cad é is mian liom a fháil amach?

Cén t-eolas cúlra atá agam faoi chomhthéacs ginearálta mo dhuine?

Conas is féidir liom fócas mo staidéir a chúngú?

An bhfuil gné ar bith ar leith de shaol / taithí / slí bheatha m'ábhar taighde a dhéanfaidh mé a fhiosrú?

An féidir liom mo staidéar a bheachtú trí dhátaí teoranta a chur isteach?
An bhfuil eachtra nó imeacht ar leith a dtig liom aird a dhíriú air?



**Taighde a dhéanamh**
Fianaise a shainaithint agus dul i ngleic leis an bpróiseas

Cad iad na foinsí a úsáidfidh mé? Conas is féidir liom teacht ar na foinsí seo? Cuairt leabharlainne? Suíomhanna idirlín? Foinsí eile?

An ann do dhuine ar bith a dtig liom labhairt a mbeadh eolas eile aige ar m'ábhar taighde?

Conas a gheobhaidh mé eolas faoi m'ábhar taighde ó leabhair a d'aimsigh mé? An clár ábhar? An tInnéacs?

Conas a choinneoidh mé nóta d'eolas nua a dtagaim air?
Fillteán a choinneáil?



**Taifead scríofa a chruthú**
Torthaí agus conclúidí faoin ábhar

Ba chóir go ndéanfadh scoláirí iarracht freagra a thabhairt ar na ceisteanna taighde agus a mbreithiúnais stairiúla a chur i láthair mar phíosa comhleanúnach scríbhneoireachta i bhformáid scríofa a roghnaíonn siad féin.

Ba chóir do scoláirí fianaise óna gcuid foinsí a úsáid chun tacú leis na conclúidí a dhéanann siad..

Ba chóir na foinsí a luaitear a bheith sa leabharliosta ag deireadh an taifid – is gá dul i gcomhairle dhá fhoinse ar a laghad

Féadfaidh an scoláire an taifead scríofa a chur i láthair ina rogha leagain amach, amhail alt, aiste, blag, script chraolacháin, léacht do lucht éisteachta, litir chuig iris nó nuachtán, tuairisc bháis, óráid, srl.



**Machnamh**
Smaoineamh faoin méid a foghlaimíodhin

Ba chóir don scoláire roinnt machnaimh a dhéanamh ar an bpróiseas – idir an méid a foghlaimíodh faoin ábhar agus an taithí ar oibriú mar staraí

Scríobhfaidh an scoláire nóta machnaimh

Níltear ag súil go dtaispeánfaidh an scoláire a nótaí machnaimh faoin bpróiseas agus ábhar sa taifead scríofa féin

## Pearsa a Mheas atá Inspéise ó thaobh na Staire

Maidir leis an duine atá roghnaithe agat, cuir na ceisteanna fiosraithe seo a leanas chun do thaighde a dhíriú:




Cén fáth ar fiú taighde a dhéanamh ar an duine a roghnaigh mé?
Céard atá ar eolas agam faoi cheana féin? Céard atá mé ag iarraidh a fháil amach?

Cé na ceisteanna a dhíreodh mo thionscadal ar ghné áirithe agus a chabhródh le freagraí a aimsiú dom?

Cén t-eolas cúlra atá agam faoi chomhthéacs níos leithne m'ábhair?

Cén chaoi a ndéanfaidh mé fócas an staidéir níos cúinge?

An bhfuil gné shonrach de shaol/thaithí/ghairm bheatha m'ábhair a fhiosróidh mé?

An féidir liom mo staidéar a bheachtú le paraiméadair dhátaí?

An bhféadfainn díriú ar imeacht nó ócáid faoi leith?

**Na Gnéithe Cáilíochta in MRBnna na Staire: Cinneadh ar an leibhéal gnóthachtála a in MRBnna**

| Na Gnéithe Cáilíochta: MRB 1 - *An tAm atá Thart i M'Áit* | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha agus tá cuspóir an-soiléir le feiceáil ann.<br><br>Taispeántar tuiscint eisceachtúil sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh.<br><br>Tá an taispeántas an-mhaith ag nascadh gné áitiúil le 'mórphictiúr' an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán. | Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire láidir agus tá cuspóir soiléir le feiceáil ann.<br><br>Taispeántar tuiscint an-mhaith sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh.<br><br>Tá nasc soiléir sa taispeántas idir gné áitiúil le 'mórphictiúr' an ama atá thart ar bhealach an-spéisiúil. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Léirítear sa taispeántas braistint comhfhiosacht staire éigin agus tá cuspóir le feiceáil ann, cé nach bhfuil an cuspóir sin soiléir i gcónaí.<br><br>Taispeántar tuiscint éigin sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh.<br><br>Tá roinnt nasc sa taispeántas idir gné áitiúil agus 'mórphictiúr' an ama atá thart. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taispeántas, má léirítear ar chor ar bith é, agus níl cuspóir le feiceáil ann.<br><br>Is beag tuiscint a thaispeántar sa taispeántas ar ról na fianaise i mbreithiúnais staire a dhéanamh, má thaispeántar ar chor ar bith é.<br><br>Is beag nasc atá sa taispeántas idir gné áitiúil agus 'mórphictiúr' an ama atá thart, más ann dó ar chor ar bith. |

| Na Gnéithe Cáilíochta: MRB 2 – *Saol i dTréimhse Ama* | |
|---|---|
| **Thar barr ar fad**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm. | Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire thar a bheith forbartha, agus comhleanúnachas iontach san inneachar, cur chuige agus struchtúr.<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint eisceachtúil ar ról na fianaise i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as.<br><br>Tá naisc an-mhaith sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus 'mórphictiúr' an ama atá thart, agus léirítear roinnt úrnuachta. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br><br>Saothar ina léirítear na Gnéithe sin go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán | Léirítear sa taifead scríofa braistint comhfhiosacht staire láidir, agus comhleanúnachas inmholta san inneachar, cur chuige agus struchtúr.<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde agus tuiscint an-mhaith ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as.<br><br>Tá naisc shoiléire sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus 'mórphictiúr' an ama atá thart, ar bhealach an-spéisiúil. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br><br>Saothar ina léirítear formhór na nGnéithe sin go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó. | Tá braistint comhfhiosacht staire éigin sa taifead scríofa, agus cuirtear an t-inneachar agus an cur chuige i láthair ar bhealach atá sách struchtúrtha.<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde maith agus roinnt tuisceana ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as.<br><br>Tá roinnt nasc sa taifead scríofa idir an t-ábhar agus 'mórphictiúr' an ama atá thart. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br><br>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart. | Is beag braistint comhfhiosacht staire a léirítear sa taifead scríofa, má léirítear ar chor ar bith é, agus tá easpaí suntasacha san inneachar, cur chuige agus struchtúr.<br><br>Taispeántar sa taifead scríofa taighde teoranta agus is beag tuiscint a léirítear, má léirítear ar chor ar bith é, ar ról na bhfoinsí staire i mbreithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint as.<br><br>Is beag braistint den 'mhórphictiúr' a thaispeántar sa taifead scríofa, má thaispeántar ar chor ar bith é, agus níl ord ná eagar ar na naisc idir é agus an t-ábhar agus/nó ní chothaítear i gceart iad. |



## Pleanáil Roinne:

Torthaí Foghlama
Príomhfhoghlaim Eispéiris

Foghlama Fhéideartha

Seiceálacha Measúnaithe
Cleachtas athmhachnaimh

**Comhoibriú agus Machnamh**

| |
|---|
| Conas a thig linn léargais ónár gcleachtais ranga a roinnt le comhghleacaithe? |
| |
| Conas a d’fhéadfaimis dul i ngleic le *Snáithe 1: Nádúr na Staire* sa phleanáil roinne againn? |
| |
| Cad iad na tacaí roinne is féidir linn a chur in áit chun cur chuige foirmitheach a bheith againn i leith an mheasúnaithe? |
| |




# AG BREATHNÚ AR AN SCOIL AGAINNE 2016

## Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna

### RÉIMSE 4: CLEACHTAS COMHCHOITEANN/COMHOIBRÍOCH NA MÚINTEOIRÍ

| CAIGHDEÁIN | RÁITIS AR CHLEACHTAS ÉIFEACHTACHA | RÁITIS AR CHLEACHTAS FÍORÉIFEACHTACHA |
|---|---|---|
| **Tá meas ag na múinteoirí ar an bhforbairt ghairmiúil agus ar an gcomhoibriú gairmiúil agus glacann siad páirt iontu** | Aithníonn na múinteoirí go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus comhoibriú lárnach ina gcuid oibre.<br><br>Baineann na múinteoirí úsáid as am do chruinnithe foirmiúla agus don phleanáil chun athmhachnamh a dhéanamh lena chéile ar a gcuid oibre.<br><br>Glacann na múinteoirí páirt go gníomhach agus go táirgiúil le soláthraithe éagsúla FGL lena n-áirítear FGL eagraithe scoilbhunaithe.<br><br>Ainmníonn agus gabhann na múinteoirí don FGL a fhorbraíonn a gcleachtas féin agus a shásaíonn riachtanais na scoláirí agus na scoile.<br><br>Breathnaíonn na múinteoirí ar chomhoibriú mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim na scoláirí agus chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil féin. Gabhann siad do chleachtas cuiditheach comhoibríoch.<br><br>Cuireann na múinteoirí cuir chuige scoile uile i leith an teagaisc agus na foghlama i bhfeidhm chun feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí na scoláirí. | Aithníonn agus **dearbhaíonn** na múinteoirí go bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus comhoibriú lárnach ina gcuid oibre.<br><br>Baineann na múinteoirí úsáid as am do chruinnithe foirmiúla agus don phleanáil chun athmhachnamh a dhéanamh lena chéile ar a gcuid oibre.<br><br>**Is í an scoil an phríomhionad do FGL na múinteoirí** agus glacann na múinteoirí páirt go gníomhach agus go táirgiúil i gcláir FGL.<br><br>Ainmníonn agus gabhann na múinteoirí don FGL a fhorbraíonn a gcleachtas féin, a shásaíonn riachtanais na scoláirí agus na scoile, agus a **fheabhsaíonn comhchleachtas.**<br><br>Breathnaíonn na múinteoirí ar chomhoibriú mar bhealach chun feabhas a chur ar fhoghlaim na scoláirí agus chun feabhas a chur ar a bhforbairt ghairmiúil féin. Gabhann siad do chleachtas cuiditheach comhoibríoch, agus **don athbhreithniú comhoibríoch ar chleachtas.**<br><br>**Comhaontaíonn na múinteoirí le chéile** agus cuireann siad cuir chuige scoile uile i leith an teagaisc agus na foghlama i bhfeidhm chun feabhas a chur ar eispéiris agus torthaí na scoláirí. |
| **Oibríonn na múinteoirí le chéile chun deiseanna foghlama a cheapadh do scoláirí ar fud an churaclaim agus taobh amuigh de** | Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch do ghníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na scoláirí naisc fhiúntacha a dhéanamh idir an fhoghlaim in ábhair éagsúla.<br><br>Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch ar eispéiris foghlama a chuidíonn leis na scoláirí an fhoghlaim a fheiceáil mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil. | Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch do ghníomhaíochtaí foghlama a chuireann ar chumas na scoláirí naisc atá fiúntach agus **atá níos dúshlánaí de réir a chéile** a dhéanamh idir an fhoghlaim in ábhair éagsúla.<br><br>Déanann na múinteoirí pleanáil go comhoibríoch ar eispéiris foghlama **a chuidíonn agus a chumasaíonn** na scoláirí chun an fhoghlaim a fheiceáil mar iarracht iomlánaíoch ar feadh an tsaoil. |

# Is mór againn bhur gcuid aiseolais:

**Céim 1:** Gabh chuig [www.jctregistration.ie](http://www.jctregistration.ie)


**Céim 2**: Cliceáil ar *Clár / Menu*





**Céim 3:** Roghnaigh *Aiseolas / Feedback*





**Céim 4:** Roghnaigh *Cnuaslá / Cluster Day*




**Céim 5:** Roghnaigh *ábhar / subject* agus brúigh *seol / submit*




**Céim 6:** Líon isteach aon aiseolas atá agat agus cliceáil *seol / submit*

| Na chéad chéimeanna eile: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

Stair

## Déan teagmháil linn


| Oifig Riaracháin: | Oifig an Stiúrthóra: |
| --- | --- |
| An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>Ionad Oideachais Mhuineacháin,<br>Cnoc an Chonnaidh,<br>Br. Ard Mhacha,<br>Co. Mhuineacháin | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM),<br>BOOLM,<br>Sráid an tSéipéil,<br>Dún Dealgan,<br>Co. Lú |

www.metc.ie

Má tá ceist agat gabh i dteagmháil linn ag: info@jct.ie

@JCforTeachers

@JCTHistory

www.jct.ie
www.ncca.ie
www.curriculumonline.ie



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

CC BY NC

Ionad Oideachais Mhuineacháin